



# Liotúirge do Thráth a Dó: Teaghlaigh an Chreidimh

(Is féidir é a chur in oiriúint do Liotúirge an Bhriathair)

*Spás urnaí simplí, le coinnle agus íomhá den Teaghlach Naofa.*

**Amhrán Iontrála:** A Joy for all the Earth (Iomann Oifigiúil Chruinniú Domhanda na dTeaghlach, 2018)

## Deasghnáth Aithrí:

**Cinnire:** A Thiarna Íosa, is tusa an Dia uilechumhachtach agus Rí na síochána. A Thiarna déan trócaire.

*A Thiarna déan trócaire.*

**Cinnire:** A Thiarna Íosa, is tusa Mac Dé agus mac Mhuire. A Chríost déan trócaire.

*A Chríost déan trócaire.*

**Cinnire:** A Thiarna Íosa, is tusa an Briathar i gcolainn dhaonna agus glóire an Athar. A Thiarna déan trócaire.

*A Thiarna déan trócaire.*

*(Is féidir an freagra 'A Thiarna déan trócaire' a chanadh. Féach An tAifreann á Chanadh – 'Aifreann Naomh Colm' le Columba McCann)*

## An Chéad Léacht:

Sliocht as Leabhar Cóheilít (3:2–6; 12–14)

## Salm:

Is aoibhinn do chách lenarb eagal an Tiarna, agus a shiúlann ina shlite. (Salm 127:1–5)

## An Dara Léacht:

Sliocht ó litir Naomh Pól chuig na Colosaigh (3:12–21)

## Comhgháir an tSoiscéil:

Alleluia, Alleluia!

Go mbeidh síocháin Chríost i réim in bhur gcroí; go nglacfaidh sibh go fonnmhar le teachtaireacht Chríost, Alleluia.

## An Soiscéal:

Sliocht ón Soiscéal Naofa de réir Naomh Matha (2:13–15, 19–23)



### Guí an Phobail:

(Foinse: An Leabhar Aifrinn Rómhánach)

1. Go mbeidh an teaghlach Críostaí mar eiseamláir do chách maidir leis an gcreideamh, an dóchas agus an grá. Guímis chun an Tiarna.  
*A Thiarna éist linn.*
2. Ar son na síochána ar domhan, guímis chun an Tiarna.  
*A Thiarna éist linn.*
3. Go nochtfaidh Dia é féin mar athair grámhar dár ndeartháireacha agus dár ndeirfiúracha atá gan bhia, gan obair, gan dídean. Guímis chun an Tiarna.  
*A Thiarna éist linn.*
4. Ar son na ndaoine nach bhfuil ar fónamh i gcorp, i spiorad nó in intinn, guímis chun an Tiarna.  
*A Thiarna éist linn.*
5. Ar son na ndaoine a fuair bás, agus ar son na mball teaghlach seo leanas nach bhfuil inár measc a thuilleadh..... (Sos). Guímis chun an Tiarna.  
*A Thiarna éist linn.*
6. Guímid ar son ár dteaghlach. Deonaigh go leanfaimid dea-shampla an Teaghlach Naofa, ionas go sáróimid deacrachtaí an tsaoil seo, agus go roinnfimid an bheatha shíoraí sna flaitheis leo.  
Guímis chun an Tiarna.  
*A Thiarna éist linn.*

*Is féidir deireadh a chur leis an tseirbhís anseo, agus amhrán oiriúnach a chanadh.*

### Moladh: Paidir Eocairisteach II

**Amhráin** (le haghaidh Cruinniú Domhanda na dTeaghlach ach go háirithe):

1. *A Joy for All the Earth – Iomann oifigiúil Chruinniú Domhanda na dTeaghlach 2018* (Ephrem Feeley)
2. *A Íosa Glan mo Chroíse*
3. *Regina Coeli* (Traidisiúnta)
4. *Is Maith an Bhean Muire Mhór*
5. *Na Páistí* (Máire Ní Bhraonáin)
6. *A Dhia Naofa* (Clement Mac Mánaís)
7. *A Mhuire Mháthair* (Pokarekare Ana)
8. *Ár nAthair* (Seán Ó Riada)
9. *Paidir na Tríonóide* (Liam Lawton)
10. *Tar Chugam a Spioraid Naoimh* (Greagórach)

**Comhgháir:** Bailiúchán 'An tAifreann á Chanadh'